# An Buiséad a Chomhardú

Northern Ireland Assembly

Is tusa an tAire Airgeadais i dTuaisceart Éireann. An ról atá agat ná cinneadh a dhéanamh ar an dóigh a gcaithfear an buiséad do Thuaisceart Éireann sa bhliain atá amach romhainn. Tugadh £100,000 duit le caitheamh.

D'iarr tú ar na hairí rialtais eile smaointe a chur ar fáil maidir leis an dóigh ar cheart an t-airgead a chaitheamh. Déanfaidh tú machnamh ar na smaointe atá liostaithe sa tábla thíos agus cinneadh a dhéanamh:

(a) An t-airgead uilig a thabhairt do thionscadal amháin;

(b) Airgead a thabhairt do roinnt tionscadal ach gan a thabhairt do thionscadail eile;

(c) Sciar cothrom den airgead a thabhairt do na tionscadail uilig.

Ní chaithfidh tú an méid iomlán atá de dhíth ar gach tionscadal a thabhairt – d'fhéadfá níos lú, nó níos mó a thabhairt ná mar a iarradh. Cuimhnigh nach bhfuil agat ach £100,000. Smaoinigh go cúramach ar an dóigh is fearr leis an airgead a chaitheamh.

Ticeáil an bosca **Tá** nó **Níl** faoi gach smaoineamh. Do na boscaí sin ina dticeálann tú 'Tá', comhlánaigh an bosca 'Méid' leis an méid airgid a chaithfidh tú ar an tionscadal sin.

**Tionscadail Mholta**

| Tionscadal | Tá | Níl | Méid |
|---|---|---|---|
| An tAire Oideachais – £50,000 faoi choinne clár frithbhulaíochta do scoileanna | | | £ |
| An tAire Geilleagair – £40,000 le hathoiliúint a chur ar dhaoine dífhostaithe | | | £ |
| An tAire Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe – £60,000 le cuidiú le daoine grianphainéil a cheannach | | | £ |
| An tAire Sláinte – £70,000 faoi choinne feachtas frithdhrugaí | | | £ |
| An tAire Pobal – £50,000 le cuidiú le daoine breacaosta atá beo bocht | | | £ |

**IOMLÁN** £

**Anois comhlánaigh an tábla seo**

| Tionscadal | Mínigh do chinntí |
|---|---|
| Clár frithbhulaíochta | |
| Athoiliúint do na daoine dífhostaithe | |
| Maoiniú faoi choinne níos mó grianphainéal | |
| Feachtas frithdhrugaí | |
| Sochair le cuidiú le seandaoine | |

**Cé acu tionscadal ar thug tú an méid is mó airgid dó?**

| Tionscadal |
|---|
| Fáthanna |

DID YOU KNOW?

An raibh a fhios agat go gcaithfidh an tAire Airgeadais do Thuaisceart Éireann, le cuidiú ó Airí eile agus ó Chomhaltaí den Tionól Reachtach (CTRanna), cinneadh a dhéanamh gach bliain ar an dóigh leis na milliúin punt a chaitheamh go cothrom ar fud Thuaisceart Éireann?